



B.Oid agus B.Oid & Síceolaíocht Ceithre Bliana

Bíonn an socrúchán scoile scaipthe amach thar na ceithre bliana agus feidhmíonn an seomra ranga agus an scoil mar shuíomhanna foghlama – áiteanna inar féidir *tabhairt* faoi theagasc agus chun foghlaim *faoi* theagasc. Bíonn Socrúchán Scoile i seimeastar an Earraigh de Bhliain 1, tar éis dóibh tabhairt faoi mhodúil ullmhúcháin i Seimeastar an Fhómhair. Ní bheidh mic léinn i seimeastar an Fhómhair agus reachtáilfear Socrúchán Sheimeastar an Earraigh do thréimhse 15 lá – le **bloc coicíse** ina measc.

Socrúchán Gairmiúil Bliain 1, 2019/2020

Seimeastar 1

Socrúchán Gairmiúil 1 - ag ullmhú don socrúchán

- Bunaithe sa Choláiste (Pas/Teip)
- Leachtaí ag díriú ar obair sna seomraí ranga, modhanna don bhreathnóireacht, cur chuige gairmiúil, caidrimh le múinteoirí agus ath-mhachnamh.

Seimeastar an Earraigh

Socrúchán Gairmiúil 2 – Meán-Ranganna 1-4

Socrúchán Gairmiúil 2: Feabhra/Márta 2020

Tugtar léargas de réir a chéile do mhic léinn faoin teagasc uile-ranga ar Shocrúchán 2. Caitear trí Luan ag cabhrú/ag breathnú agus cuireann mic léinn tús le teagasc ar an dá Luan deireanach agus i rith na tréimhse coicíse.

- An Luan Eanáir 27 sa Lime Tree Theatre
- **An Luan (Feabhra 3, 10, 17 agus 24, agus coicís Márta 2 – 13**
- Socrúchán le páirtneir
- Mic léinn mar bhreathnóirí ar pháistí agus ar nósanna imeachta an tseomra ranga agus mar chúntóirí sa tseomra ranga ar an Luan 3 agus 10.
- Is é seo an chéad shocrúchán a bheidh ar siúl ag an mac léinn (Rang 1 – 4)
- Múinfidh mic léinn réimse d'ábhair an churaclaim
- Beifear ag súil go léireoidh mic léinn leibhéal ard de thréithe ábhartha pearsanta agus gairmiúla ó thosach go deireadh an tsocrúcháin
- Déantar measúnú ar bhonn '**Pas/Teip**'
- Múinteoir ranga mar mheantóir neamhfhoirmiúil agus cuirtear comhairle ó bhéal/aiseolas ar fáil do mhic léinn
 - Teagascóir ón gColáiste le cuairt a thabhairt ar mhic léinn ar socrúchán agus iad a mheas

Coláiste Mhuire gan Smál